



Provided by the author(s) and University College Dublin Library in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

<b>Title</b>	þý Pádraig Feiritéar (1856-1924): Scoláire Gaeilge sa Bhaile i
<b>Author(s)</b>	Ní Úrdail, Meidhbhín
<b>Publication date</b>	2019
<b>Publication information</b>	The American Journal of Irish Studies, 15 : 133-163
<b>Publisher</b>	New York University
<b>Link to online version</b>	<a href="https://www.jstor.org/stable/26859685">https://www.jstor.org/stable/26859685</a>
<b>Item record/more information</b>	<a href="http://hdl.handle.net/10197/11589">http://hdl.handle.net/10197/11589</a>

Downloaded 2020-11-28T23:16:03Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd\_oa)



© Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.

## Pádraig Feiritéar (1856–1924): Scoláire Gaeilge sa Bhaile is i gCéin\*

*Meidhbhín Ní Úrdail*

### Réamhrá

Is léir ar an taighde scolártha ar an imirce ó Éirinn go Nua Eabhrac atá curtha ar fáil ó na 1980aí ar aghaidh go raibh líon substaintiúil Éireannach lonnaithe sa chathair seo faoin dara leath den naoú céad déag.<sup>1</sup> Tá eolas an-spéisiúil curtha ar fáil go háirithe ag an Ollamh Kenneth Nilsen, nach maireann, mar gheall ar chainteoirí a bhí liteartha sa Ghaeilge a luigh amach go gníomhach ar a dteanga dhúchais a chur chun cinn i gcathair Nua Eabhrac tar éis dóibh socrú síos inti.<sup>2</sup> Tá fianaise áirithe ó thaifid luatha na hEaglaise Caitlicí i Nua Eabhrac ar úsáid na Gaeilge. Nuair a thosnaigh céad shagart na cathrach, mar shampla, bráthair Caipisíneach ó Uíbh Fhailí darbh ainm An tAthair Charles/Maurice, Whelan (1741–1806) ag obair in Eaglais Naomh Peadair sa bhliain 1785, dúradh ina thaoibh go raibh sé “*more fluent in Gaelic and French than in English.*”<sup>3</sup> Fairis sin, nuair a bunaíodh an Ossianic Society i mBaile Átha Cliath ar Lá ’le Pádraig 1853, tháinig brainse Nua Eabhrac ar an bhfód sa bhliain 1858 agus

---

\* Tá an aiste seo bunaithe ar Léacht Chuimhneacháin Bhliantúil Bharra Uí Dhonnabháin a raibh sé de phríbhléid agam i a thabhairt Bealtaine a 6, 2017, in Glucksman Ireland House, Ollscoil Nua Eabhrac. Tá buíochas ar leith agam ar an Ollamh Joe Lee, Iarstiúrthóir, agus ar a chomhghleacaithe An Dr Miriam Nyhan Grey, An Dr Nicholas Wolf agus Hilary Mhic Suibhne M.A., as an gcóir fhlaithiúil a chuireadar orm agus as a gcuid cabhrach i rith mo thurais go Nua Eabhrac. Táim thar a bheith buíoch, leis, de Evelyn Flanagan agus de Eugene Roche i Roinn na mBailiúcháin Speisialta, Leabharlann James Joyce, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, as a gcúnamh agus lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh á n-íniúchadh agam.

<sup>1</sup> Mar shampla: Kerby A. Miller, *Emigrants and Exiles: Ireland and the Irish Exodus to North America* (New York: Oxford University Press, 1985) 146, 521–522; Dennis Clark, *Hibernia America. The Irish and Regional Cultures* (Westport, Conn.: Greenwood Press, 1986), 49–71, 184; Steven P. Erie, *Rainbow’s End: Irish-Americans and the Urban Machine Politics, 1840–1985* (Berkeley: University of California Press, 1988), 17–22, 25–27, 33–35; Hasia R. Diner “‘The Most Irish City in the Union’: the Era of the Great Migration, 1844–1877,” in *The New York Irish*, ead. Ronald H. Bayor agus Timothy J. Meagher (Baltimore: John Hopkins University Press, 1996), 87–106; Kerby A. Miller, *Ireland and Irish America: Culture, Class, and Transatlantic Migration* (Notre Dame: Field Day Publications, 2008), 288, 294–295, 299, 329.

<sup>2</sup> Kenneth E. Nilsen, “Mícheál Ó Broin agus Lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin,” *Celtica* 22 (1991): 112–118; Kenneth E. Nilsen, “The Irish Language in New York, 1850–1900,” in *The New York Irish*, ead. Ronald H. Bayor agus Timothy J. Meagher (Baltimore: John Hopkins University Press, 1996), 252–274; Kenneth E. Nilsen, “Irish in Nineteenth Century New York,” in *The Multilingual Apple: Languages in New York City*, ead. Ofelia García agus Joshua A. Fishman (Berlin: De Gruyter, 1997), 53–69; Kenneth E. Nilsen, “Irish Gaelic Literature in the United States,” in *American Babel: Literatures of the United States from Abnaki to Zuni* (*Harvard English Studies* 20), ead. Marc Shell (Harvard: Harvard University Press, 2002), 188–218.

<sup>3</sup> Florence D. Cohalan, *A Popular History of the Archdiocese of New York* (New York: United States Catholic Historical Society, 1983), 15. Maidir leis an Athair Whelan, a chuaigh isteach i nóibhiseacht na gCaipisíneach i Bar-sur-Aube in oirthuaisceart na Fraince agus, ar cháiliú mar shagart dó sa bhliain 1771, a chaith deich mbliana ansúd mar bhíocáire, mar rúnaí proibhinse agus mar mháistir nóibhiseach, feic Father Stanislaus, “An Irish Capuchin Pioneer,” *The Capuchin Annual* (1930): 71–84; cf. Norbert H. Miller, “Pioneer Capuchin Missionaries in the United States (1784–1816),” *Franciscan Studies* 10 (1932): 169–234 (ag 176–201).

dhírigh sé, i measc nithe eile, ar mhúineadh na Gaeilge féin.<sup>4</sup> Ó na 1870aí ar aghaidh bhí ranganna Gaeilge á gcur ar fáil ag an Philo-Celtic Society agus ag an Gaelic Society i Manhattan agus Brooklyn, agus fé dheireadh na 1870aí ceapadh go raibh os cionn míle duine ag freastal ar ranganna éagsúla i gceantar Nua Eabhrac.<sup>5</sup>

Ag bogadh ón bhfocal labhartha go dtí an focal scríbhthe: bhí a oiread san measa ag imircigh ó Éirinn ar lámhscríbhinní Gaeilge gur thugadar leo trasna an Atlantaigh iad, agus bhí an-tóir orthu seo i measc dheoraithe ó Éirinn a bhí socraithe síos i Nua Eabhrac. Chrom imircigh eile ar lámhscríbhinní Gaeilge a bhailiú agus/nó a chur le chéile ina mbaile nua. I measc na n-imirceach iomráiteach seo bhí ceannaire na bhFíníní Seán Ó Mathúna/John O'Mahony (1815–77), ó Chontae Luimnigh ó dhúchas, a inseann dúinn i nóta lámhscríbhthe dá chuid atá greamaithe ar bhileog cheangail thosaigh LS G 641 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, gur thaisteal sé ó Pháras go Nua Eabhrac i Samhain na bliana 1853.<sup>6</sup> (Theith an Mathúnach go Páras i gcéad uair tar éis teip thubaisteach éirí amach Éire Óg sa bhliain 1848). Ba leis an Mathúnach an t-imleabhar ilchodach seo de chuid an ochtú agus an naoú céad déag, chomh maith le trí lámhscríbhinn eile ón naoú céad déag (G 640, G 642–3); díoladh ina dhiaidh sin ar cheaint leabhar i Nua Eabhrac iad agus d'fhág an t-únaeir nua ag an Presbyterian Private Libray i Philadelphia iad sarar cheannaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mBaile Átha Cliath iad uair éigin ina dhiaidh sin arís.<sup>7</sup> Is é is ábhar d'aon cheann amháin acu seo, LS G 640, ná cóip de *Foras Feasa ar Éirinn* Shéathrúin Chéitinn a bhreac Seaghan Ó Duibhidir/John O'Dwyer, Fíodh Ard, Contae Thiobraid Árann, sa bhliain 1837. D'iniúch Seán Ó Mathúna LS G 640 ag “40 Summit Street Brooklyn” nuair a bhí aistriúchán Béarla ar bhunsaothar Gaeilge Chéitinn á réiteach aige agus foilsíodh é seo i Nua Eabhrac sa bhliain 1857.<sup>8</sup> Dob í a phríomhfhoinsé thagartha, áfach, ná “a very Perfect Copy” ó láimh Uilliam Uí Shíocháin, 1753, ó Cheann Toirc in iarthuaisceart Chorcaí, a bhí ar iasacht ó mhac an scríobhaí aige, “Michael Sheehan, Esq., now of New York, but formerly of Kanturk, in the County of Cork,” tréna mhac súd, James Michael Sheehan.<sup>9</sup>

<sup>4</sup> Proinsias Mac Aonghusa, “An Ghaeilge i Meiriceá,” in *Go Meiriceá Siar*, eag. Stiofán Ó hAnnracháin (Dublin: An Clóchomhar Tta, 1979), 13–30 (ag 20).

<sup>5</sup> Nilsen, “The Irish Language in New York, 1850–1900,” 268–270; Nilsen, “Irish in Nineteenth Century New York,” 64.

<sup>6</sup> Nessa Ní Shéaghda, *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland XII* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1990), 20.

<sup>7</sup> Tomás de Róiste, “Seán Ó Mathghamhna,” *The Irish Book Lover* 17 (1929): 118; Séamus Ó Casaide, “Seán Ó Mathghamhna’s Irish MSS,” *The Irish Book Lover* 18 (1930), 80–84; Nessa Ní Shéaghda, “John Ó Mahony’s Irish Hand,” in *Sages, Saints and Storytellers: Celtic Studies in Honour of Professor James Carney*, eag. Donnchadh Ó Corráin, Liam Breatnach agus Kim McCone (Maynooth: An Sagart, 1989), 178–180; Ní Shéaghda, *Catalogue of Irish Manuscripts*, 18–33.

<sup>8</sup> John O'Mahony, *Foras Feasa ar Éirinn Do réir an Athar Seathrun Céiting, Ollamh ré Diadhachta. The History of Ireland, from the Earliest Period to the English Invasion. By the Reverend Geoffrey Keating D.D.* (New York: P.M. Haverly, 1857), 17, mar ndeirtear gur le “Mrs O'Dwyer, of New York” an lámhscríbhinn, ceann de mhórán “Irish manuscripts, which were the property of her deceased husband, John O'Dwyer, Esq., late of this city [Nua Eabhrac], but formerly of Feathard, in the county of Tipperary, Ireland.” Is ionann John O'Dwyer anseo agus Seaghan Ó Duibhidir thuasluaite, scríobhaí LS G 640.

<sup>9</sup> O'Mahony, *Foras Feasa ar Éirinn*, 17; cf. xvi, 294 n. 26. Is ionann an “very Perfect Copy” le Uilliam Ó Síocháin thuas agus LS Gaeilge 5 i gColáiste Bhostúin inniu. Mar le cuntas dár tharla don lámhscríbhinn seo sara bhfuair Coláiste Bhostúin seilbh uirthi, feic William Mahon, “Ar Thóir na Gaeilge: Tionscadal Lámhscríbhinní an Philo-Celtic Society (Bostún) 1873–1893,” in *Litríocht na Gaeilge ar fud an Domhain: Cruthú, Caomhnú agus Athbheochan*, eag. Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhín Ní Úrdail et al. (Baile Átha Cliath: LeabhairComhar, 2015), 155–189 (ag 169–170).

Mórscoláire Gaeilge eile i gcathair Nua Eabhrac ab ea Mícheál Ó Broin/Michael O’Byrne (1848/9–1928), a chuaigh an cuan amach óna chontae dúchais, Port Láirge, go Nua Eabhrac timpeall na bliana 1878. Is eol dúinn go bhfuair sé seilbh ar naoi lámhscríbhinn Gaeilge ar a laghad de chuid an ochtú is an naoú céad déag, cnuasach atá ar coimeád inniu i Leabharlann Chuimhneacháin Ollscoil Wisconsin-Madison.<sup>10</sup> Ní miste tagairt anseo, leis, do bheirt ghníomhaí eile ar son na Gaeilge, mar atá Dáibhí (Dáithí) Ó Caoimh/David O’Keeffe, agus an Captaen Tomás Dáibhí de Norradh/Thomas David Norris. Fillfear ar an gcion a dhein an bheirt seo ar son scoláireacht na Gaeilge i Nua Eabhrac níos faide síos anseo.

Maidir le cúrsaí cló sa Ghaeilge, bhí Nua Eabhrac chun tosaigh anseo chomh maith. Ba sa chathair seo a cruthaíodh an chéad chineál cló gaelach dar cruthaíodh riamh sa Domhan Nua in Iúil na bliana 1857. D’éirigh leis an *Irish American* i Nua Eabhrac teacht air chun colún Gaeilge dar teideal “*Our Gaelic Department*” a chur i gcló. Tháinig an chéad cholún amach ar 25 Iúil, 1857, agus lean sé ar aghaidh ar feadh formhór thréimhse an ocht mbliain is leathchéad a raibh an nuachtán ar marthain.<sup>11</sup> Bhain Mícheál Ó Lócháin/Michael Logan (1836–99), ó Bhaile an Mhuilinn i gContae na Gaillimhe ó dhúchas, a cheann scríbe Brooklyn amach sa bhliain 1871. Bhunaigh sé *An Gaodhal* deich mbliana ina dhiaidh sin, tréimhseachán dátheangach míosúil ar son na Gaeilge a mhair anuas go dtí an bhliain 1904.<sup>12</sup> Fé dheireadh an naoú haois déag, bhí tús curtha ag an *Irish World* le colún Gaeilge agus i mblianta tosaigh na haoise dar gcionn chuir an *Gaelic American* alt Gaeilge amach go seachtainiúil.

A fhaid ar a ghiorracht, mar sin, bhí seasamh ag an nGaeilge (idir labhartha, scríbhthe agus chlóite) i Nua Eabhrac fén am gur tháinig an scoláire is cáis anseo thíos linn, Pádraig Feiritéar/Patrick Ferriter (1856–1924), go dtí an chathair i mblianta tosaigh an naoú céad déag. Tugann an fhianaise ina chuid lámhscríbhinní agus i bpáipéirí nuachta an ama úd le fios go raibh páirt ghníomhach aige i gcur chun cinn léann na Gaeilge ansúd.

### Eolas Beathaisnéise

Tá eolas áirithe beathaisnéise ar an bhFeiritéarach le fáil i gcuntas aon leathanach déag réamhráidh a ghabhann le catalóg lámhscríbhthe as Béarla le hEibhlín Ní Ógáin ar an naoi lámhscríbhinn is tríocha ina bhailiúchán atá ar sábháil inniu i Leabharlann James Joyce sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.<sup>13</sup> Gabhann Ní Ógáin buíochas le Seán Ó Conaill “*of Chicago*,” “*a fellow countryman of Ferriter’s, and a close friend for many years in America*,” as “*a number of intimate facts about the life of the collector*” a sholáthar.<sup>14</sup> Foinse eolais ab ea catalóg Ní Ógáin do Sheán Ó Sé in aiste a

<sup>10</sup> Nilsen, “Mícheál Ó Broin agus Lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin”; Cornelius G. Buttmer, *Catalogue of Irish Manuscripts in the University of Wisconsin-Madison* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1989).

<sup>11</sup> Nilsen, “The Irish Language in New York, 1850–1900,” 261; Nilsen, “Irish in Nineteenth Century New York,” 60–61; Nilsen, “Irish Gaelic Literature in the United States,” 201–202.

<sup>12</sup> Breandán Ó Buachalla, “*An Gaodhal* i Meiriceá,” in *Go Meiriceá Siar*, eag. Stiofán Ó hAnnracháin (Dublin: An Clóchomhar Tta, 1979), 38–56; Fionnuala Uí Fhlannagáin, *Mícheál Ó Lócháin agus An Gaodhal* (Dublin: An Clóchomhar Tta, 1990).

<sup>13</sup> Eibhlín Ní Ógáin, “The Ferriter Manuscripts Described and Catalogued by Eibhlín Ní Ógáin” (gan dáta), 16 imleabhar ina iomláine, ina measc innéacs céadlínite agus innéacs údar. Níl sonraí ar Ní Ógáin tagtha chun solais go dtí seo ach seans gurbh ionann í agus Ella Young (1867–1956) a d’imigh, dála an Fheiritéaraigh féin, ar imirce go Meiriceá agus a bhí lonnaithe i gCalifornia ó 1925 go dtí gur cailleadh í. Ní mór a áireamh, áfach, nach bhfuil aon tagairt ag Young do chatalógú na lámhscríbhinní seo ina dírbheathaisnéis *Flowering Dusk: Things Remembered Accurately and Inaccurately* (New York: Longman’s, Green & Co., 1945).

<sup>14</sup> Ní Ógáin “The Ferriter Manuscripts,” i–ii.

d’fhoilsigh sé siúd leathchhead bliain ó shin, geall leis, ach tá breis eolais shuimiúil ar fáil anseo ó nuachtáin chomhaimseartha a chuireann síos ar ghníomhaíocht pholaitiúil an Fheiritéaraigh ina thír dhúchais, agus cuirtear corraíl shíbhialta a dhúthaí i gcomhthéacs náisiúnta chomh maith le roinnt lámhscríbhinní i mbailiúchán an Fheiritéaraigh a phlé.<sup>15</sup> Cuireann Pádraig Feiritéar roinnt sonraí beathaisnéise ar fáil, leis, ach is fánach iad *vignettes* dá sórt sa tslí is go bhfuilimid dall go maith ar aigne an fhir féin agus é ag dul i dtaithí ar a shaol nua sna Stáit Aontaithe. Tá eolas breise i gcuntas iarbháis ar an bhFeiritéarach a d’fhoilsigh an *Gaelic American*<sup>16</sup> agus in dhá aiste eile leis an údar seo.<sup>17</sup>

Rugadh Pádraig Feiritéar ar 10 Márta, 1856, ar an mBaile Uachtarach ar leithinis Chorca Dhuibhne, an ceathrú páiste as ochtar ar fad — Seán, Micil, Eoghan, Pádraig féin, Máire, Siobhán, Cáit agus Neil — a saolaíodh do Mhuiris Sheáin Mhuiris Sheáin Lúcaís “na srianta” Feiritéar agus a bhean Neil Mhichíl Dhomhnaill “Flutter” Uí Mhainín.<sup>18</sup> Spreag an drochíde a tugadh do theaghlaigh ina phobal dúchais é chun dul isteach i gConradh na Talún. I Meán Fómhair na bliana 1885, bunaíodh craobh den Chonradh i mBaile an Fheiritéaraigh agus toghadh Pádraig Feiritéar ina rúnaí. Cuireadh i bpríosún ceithre huairé, 1887–88, de bharr a chuid polaitíochta agus as a bheith ag díol nuachtán go neamhdhleathach ó shiopa a bhí féna chúram sa Daingean. Bhí sé ar dhuine de lucht dílis tacaíochta Charles Stewart Parnell (1846–91) agus lean a dhílseacht den bpolaiteoir cáiliúil náisiúnach seo nuair a scoilt an páirtí a bhunaigh sé, Páirtí Parlaiminteach na hÉireann, in dhá chuid, i.e. an eite Pharnailiteach ar thaobh amháin agus an eite fhrith-Pharnailiteach ar thaobh eile.<sup>19</sup>

Ní heol cad é go díreach a thug ar an bhFeiritéarach imeacht ar imirce — ní fheadar ná gur ag seachaint breis airde ó na húdaráis a bhí laistiar de seo — ach i dtús na bliana 1895 chuaigh sé an cuan amach go dtí na Stáit Aontaithe. Insíonn sé i gcolafan amháin dá chuid gur bhreac sé síos roinnt amhrán “Diei h-Aoine an 1.3.1895 air bhórd an Cephalonia.”<sup>20</sup> Stéiméir ab ea an *Cephalonia* a thóg comhlacht an *Cunard* i dteannta an *Pavonia* agus an *Catalonia* in ochtóidí groda an naoú céad déag chun freastal ar an turas trasatlantach ó Learpholl agus ó Queenstown (An Cóbh sa lá atá inniu ann) i gContae Chorcaí go Bostún.<sup>21</sup> Fé 9 Márta, 1895, bhí Massachusetts bainte amach ag an bhFeiritéarach agus é lonnaithe i “30 Bryant Ave. West Quincy.”<sup>22</sup> Is eol ó cholafain agus ó nótaí éagsúla a ghabhann lena chuid oibre ina dhiaidh sin go raibh sé lonnaithe i Chelsea anuas go dtí 1902 — scríobhann sé, cuirim i gcás, ó Shráid Hancock, ó Shráid Lash agus ó Ascaill Washington atá ar fad sa chomharsanacht chéanna sa chathair sin. Tá suíomh Chelsea éagsúil toisc é a bheith suite ar leithinis bheag i gcuan Bhostúin agus uisce timpeall ar thrí thaobh de, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar fhear Iarthar Duibhneach, is cosúil, mar go raibh sé le maíomh aige go raibh sé ina chónaí “i g-Cathair Chaleshuidhe, i stát Mórchrúachan,

<sup>15</sup> Seán Ó Sé, “Pádraig Feiritéar (1856–1924): a Shaol agus a Shaothar,” *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society* 3 (1970): 116–130.

<sup>16</sup> “Pat’k Ferriter, Gaelic Scholar, Loss to Ireland,” *Gaelic American*, Lúnasa a 9, 1924.

<sup>17</sup> Meidhbhín Ní Úrdail, “Athfhéachaint ar Bhailiúcháin Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh,” *Éigse* 40 (2019): 185–205; Meidhbhín Ní Úrdail, “Deascán ó Chorca Dhuibhne agus ó Chairbre i mBailiúchán Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh,” in *Binneas an tSiansa*, eag. Kelly Fitzgerald, Bairbre Ní Fhloinn, Meidhbhín Ní Úrdail agus Anne O’Connor (Dublin: Four Courts Press, 2019), 77–99.

<sup>18</sup> Feiritéar 16, lch 43.

<sup>19</sup> Ó Sé, “Pádraig Feiritéar,” 117–123.

<sup>20</sup> Feiritéar 1, lch 486.

<sup>21</sup> W.H. Bunting, *Portrait of a Port: Boston, 1852–1914* (Harvard: Harvard University Press, 1971), 402.

<sup>22</sup> Feiritéar 1, lch 121.

in sna Stáitibh Ánaighthe, in Americain” in aon cholafan amháin dá chuid,<sup>23</sup> agus “*round place*” mar bhrí ag Cruacha(in) anseo, gan dabht.

Fén mbliain 1904, bhí cathair Nua Eabhrac bainte amach ag an bhFeiritéarach agus de réir dhaonáireamh an stáit sin don mbliain 1905 bhí sé ina lóistéir i Manhattan i dtigh Charles O’Farrell, Éireannach eile.<sup>24</sup> Is dócha gurbh ag 201 East 42<sup>nd</sup> Street i Manhattan a bhí an tigh sin mar go dtugann an Feiritéarach an seoladh san ar a laghad trí huaire ina chuid lámhscríbhinní.<sup>25</sup> Dála scoláirí traidisiúnta in Éirinn san ochtú agus sa naoú céad déag, ní raibh aige ach tráthnóintí agus laethanta Domhnaigh chun cóipeanna a dhéanamh de shágaí, de théacsaí próis, d’fhillíocht agus d’amhráin. I bhfocail Eibhlín Ní Ógáin sa réamhrá a ghabhann lena catalóg lámhscríbhínte, thuill Feiritéar a shaothar i rith an lae “*in the menial position as a labourer, at times acting as a watchman*”<sup>26</sup> agus is dócha gurbh é sin a ghnó, cuirim i gcás, “i Siegel Park ann san Bhronx” i samhradh na bliana 1912.<sup>27</sup> Bhí sé ar fhoireann eagarthóireachta an *Gaelic American* ar feadh roinnt bhlianta agus ina bhall chomh maith de Chlub Brian Boru i gcathair Nua Eabhrac.<sup>28</sup> Sa chathair seo a chaith sé formhór a shaoil go dtí 1923. Ón uair go raibh teipthe ar an tsláinte aige le bliain fén am san, thug mac dearthár leis, Mícheál Feiritéar, a uncail go dtí a áit chónaithe, Chicago. Is ansan a cailleadh Pádraig ar 21 Iúil, 1924. Cuireadh dhá lá ina dhiaidh sin i reilg Chaitliceach Mount Carmel é, agus “*Proof Reading Printing*” luaite mar shlí bheatha aige ar a theastas báis.<sup>29</sup>

### Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh i mBaile Átha Cliath

Tháinig trí leathanach leitreach clóscríofa dar dáta “*August 12, 1924*” i dteannta lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh nuair a cuireadh trasna an Atlantaigh go hÉirinn iad, agus tá sí seo sleamhnaithe isteach inniu in imleabhar réamhráidh chatalóg lámhscríbhínte Ní Ógáin. Dob é seiceadóir uacht an Fheiritéaraigh, Mícheál Ó Raghallaigh/Michael O’Reilly, “*770 East 179 Street, New York,*” údar na leitreach agus é ag scríobh go dtí Dúbhglas de hÍde/“An Craoibhín Aoibhinn” (1860–1949), a bhí ina Ollamh le Teanga agus le Litríocht na Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath:

A dhuine Uasail,

Dia agus Muire agus Pádraig duit, a Chraoibhín Aoibhin[n]:

*I hope you are enjoying good health, no doubt you feel relieved because the dawn of the Irish language has broken through the darkness.*

*You will be sorry to hear of the death of Patrick Ferriter who passed away on July 21 after a long illness at the house of his nephew, Michael Ferriter, 1821 Humboldt Blvd., Chicago.*

*Patrick had a wonderful grasp of the Irish language and of Irish literature, tradition, folk lore and history. I never met anybody whose store of Irish*

<sup>23</sup> Feiritéar 1, lch 490.

<sup>24</sup> “*May 2nd. 1904 New York*” (Feiritéar 18, colafan ar lch 18); *New York State Census Records for Manhattan Borough and Bronx, 1905* ag <https://familysearch.org/ark:/61903/1:1:SPFD-3T7> (ceadaithe 5 Deireadh Fómhair, 2017).

<sup>25</sup> Feiritéar 1, lch 928; Feiritéar 17, lch 7; Feiritéar 24, lch 362.

<sup>26</sup> Ní Ógáin “The Ferriter Manuscripts,” vii.

<sup>27</sup> “Is i Siegel Park ann san Bhronx atáim ag obair anois [24 Meitheamh, 1912]” (Feiritéar 17, lch 7).

<sup>28</sup> “Pat’k Ferriter” (luaite i n. 16 thuas).

<sup>29</sup> *Illinois, deaths and stillbirths index, 1916–1947* ag <https://familysearch.org/ark:/61903/1:1:N3WY-CNQ> (ceadaithe 10 Samhain, 2016).

*knowledge was so varied, exhaustive and thorough. Like the villagers of Goldsmith's schoolmaster, his acquaintances wondered how one head could carry all he knew.*

*He has left quite a pile of manuscripts which he has bequeathed to the National University as a token of his appreciation for making Irish compulsory for matriculation.*

Téann bunús a bhfuil sa chuid dheiridh anseo siar cúig éigin bliana déag roimhe sin nuair a chuir an Craoibhín rún fé bhráid Sheanad na hOllscoile á mholadh go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar éigeantach sa Mháithreánach. Ghlac an Seanad leis seo, agus ó 1913 ar aghaidh bronnadh an stádas éigeantach ar an nGaeilge a loirg an Craoibhín i gcéad uair.<sup>30</sup> Níor chomhartha buíochais agus ómóis as an gcinneadh úd amháin ag Pádraig Feiritéar é, áfach. Bhí cúis eile fós aige a d'áirigh Mícheál Ó Raghallaigh níos faide síos ina leidir, mar atá, ardmheas fhear Chorca Dhuibhne ar an gCraoibhín mar dhuine agus ar a raibh curtha i gcrích go dtí san aige ar son Léann na Gaeilge:

*It is fitting that he should have left his manuscripts to the National University which has no doubt facilities for the examination and publication of such material. For another reason I am glad the University has the life work of a man who knew Irish as his first language. If his manuscripts should be scattered it would not be at all improbable that many of them would be lost or destroyed. Ferriter had yet another reason for making this gift to the University. He had a very high regard for yourself and for your literary work which he considered has not yet been fully appreciated.*

Ar fhilleadh lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh go Baile Átha Cliath i bhFómhar na bliana 1924, luigh Eibhlín Ní Ógáin amach ar iad a chlárú fé stiúir an Chraoibhín. Ní heol cá fada a thóg an obair seo ach bhí sí fós ar siúl i Meitheamh na bliana 1925 — fé mar is léir ó thagairt i gcuntas iarbháis ar an bhFeiritéarach a d'fhoilsigh an Craoibhín in *An Reult* ag an am.<sup>31</sup> Cúig bliana ina dhiaidh sin, bhí sé le maíomh aige go raibh an clár déanta ag “[a] chara Eibhlín Ní Ógáin” agus go raibh na lámhscríbhinní “go léir san gcoláiste anois.”<sup>32</sup>

### **Gaeltacht Iarthar Duibhneach**

Is mar gheall ar a chuid oibre ar son na Gaeilge atá cáil ar Phádraig Feiritéar inniu. Nuair a bhíodh sé ina chónaí in Éirinn, chóipeáladh sé téacsáí ó lámhscríbhinní a bhí ar iasacht aige ach bhí an-suim leis aige sa traidisiún liteartha agus béil in Iarthar Duibhneach. Thuig sé luach oidhreacht shaibhir an bhéaloidis a bhí tabhartha gan mhaisle gan mháchail leo ag a thuismitheoirí agus ag a dheartháir, Micil, agus chrom sé uirthi seo ar fad a theasargan. Chaith sé na blianta ó 1889 go dtí 1895 ag taisteal timpeall ar dhúthaigh Chorca Dhuibhne chun scéalta, filíocht agus traidisiúin na sinsear a bhailiú agus a bhreacadh síos ansan, agus lean sé de a bheith ag scríobh síos an ábhair seo sna Stáit Aontaithe idir 1896 agus 1918. Tá toradh na hoibre seo ar fad le fáil inniu i lámhscríbhinní 1, 5, 11, 16 agus 19 i mbailiúchán an Fheiritéaraigh, foinsí saibhre eolais ar shaol na ndaoine sa líomatáiste áirithe seo tíre agus ar ghinealaigh agus ar logainmneacha an cheantair chomh maith.

<sup>30</sup> Adrian Kelly, *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s–1970s* (Dublin: Irish Academic Press, 2002), 74.

<sup>31</sup> An Craoibhín, “Pádraig Ferritéar,” *An Reult* (Meitheamh, 1925): 17–23 (ag 23).

<sup>32</sup> An Craoibhín, “An Roimh-rádh,” *Lia Fáil* 3 (1930): 126–127 (ag 126).

Isteach is amach le naoi gcéad leathanach atá sa lámhscríbhinn is toirtiúla ar fad acu seo, Feiritéar 1, bailiúchán substaintiúil scéalta, amhrán agus dánta a fuair sé óna mhuintir féin agus ó chainteoirí eile Gaeilge a cheantair dhúchais in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe idir Meán Fómhair 1889 agus Aibreán 1913. Díol suime breise is ea an cnósach breá seanráite (279 ar fad) i LS 1 a bhreac sé síos sna blianta 1893–98.<sup>33</sup> A bhuí leis an bhfoinse seo, leis, maireann an dara leagan de *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* a thug Nóra Ní Shíndile uaithi, téacs a chóipeáil an Feiritéarach ó lámhscríbhinn le Domhnall Mac Cáib (1818–1903) ón mBántír, Contae Chorcaí. Chríochnaigh sé a chuid cóipeála ar 1 Aibreán, 1894, agus chuir sé ranna breise leis an téacs a fuair sé i Meán Fómhair na bliana 1893 óna bhean ghaoil, Máraed Ní Fhionnagáin, i mBaile an Chalaigh “taebh shiar do Dhaingan-Uí-Chúise.”<sup>34</sup> Foilsíodh é seo go léir i dteannta nótaí téacsúla i dtrí imleabhar de *An Gaodhal* (Meitheamh–Lúnasa 1899).<sup>35</sup> Cé nár chuir an Feiritéarach a ainm leis an ábhar clóite féin, ní foláir nó chuir sé é seo i gcrích don iris, go háirithe agus scéalta eile Gaeilge a bheith foilsithe in *An Gaodhal* aige taca an ama chéanna (Meitheamh–Iúil 1899).<sup>36</sup>

Foinse thábhachtach ar chanúint na dúthaí is ea Feiritéar 16, rud a léirigh Duibhneach eile, An tOllamh Séamus Caomhánach/Ó Caomhánaigh (1900–89), sna nótaí luachmhara teangan a chuir sé le dhá scéal a d’fhoilsigh sé ón lámhscríbhinn seo, mar atá *An Bhreasail* agus *Séipéilín Ghallarais*.<sup>37</sup> Tá sé inspéise gur thagair An tOllamh Caomhánach ina chuid anailíse do nós Phádraig Feiritéar litriú neamhghách a úsáid go minic mar iarracht ar fhocail a chur síos de réir a bhfuaimne. Tús na hoibre ar chanúint Ghaeilge Chorca Dhuibhne a bhí anseo, is fíor, agus bhí na dintiúirí thar barr acu beirt — ag an té a bhreac an t-ábhar de réir a fhuaimne agus ag an té a chuaigh i mbun na hanailíse air ina dhiaidh sin. (Fé mar a tharla, thug Séamus Caomhánach beagán cabhrach, leis, do Marie-Louise Sjoestedt agus an réamhobair ar siúl aici dá saothar ar fhoghraíocht na Gaeilge i gCorca Dhuibhne.<sup>38</sup>) Agus, ní miste sa chomhthéacs seo tagairt don soláthar “*by the late Pádraig Feiritéar of New York, formerly of the Ballyferriter district*”<sup>39</sup> in eagrán leasaithe agus méadaithe d’fhoclóir Gaeilge-Béarla an Duinnínigh a foilsíodh sa bhliain 1927.

Is léir ar Fheiritéar 5 gur bhailigh ár bPádraig focail agus amhráin in Iarthar Duibhneach i nDeireadh Fómhair na bliana 1890, agus tá sa bhfoinse chéanna seo, leis, nótaí ginealaigh ar theaghlach an Bhaile Uachtaraigh agus Bhaile an Fheirtéaraigh. Idir Iúil agus Nollaig na bliana 1892, bhreac sé síos nótaí ar bhailte fearainn ar chongar Chnoc Bhréanainn atá anois in Feiritéar 19. Agus, mar chuid de Feiritéar 11, tá ranna fáin agus scéilíní a fuair sé i mí Iúil 1898 agus arís sa bhliain 1903, a scríobh sé síos i Lúnasa na bliana 1911. Chuir sé roinnt ábhair sna

<sup>33</sup> Feiritéar 1, lgh 56–57, 120–121, 496–497, 617; cf. Meidhbhín Ní Úrdail, “Cnósach Luachmhar Seanráite as Lámhscríbhinn Feiritéar 1,” *Béaloideas* 85 (2017): 62–121.

<sup>34</sup> Feiritéar 1, lgh 298–305.

<sup>35</sup> Tá an leagan seo de *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* foilsithe ó shin arís i dteannta aistriúcháin Bhéarla ag Angela Bourke, “Eibhlín Dubh Ní Chonaill (c.1743–c.1800),” in *The Field Day Anthology of Irish Writing. Volume IV. Irish Women’s Writing and Traditions*, ead. Angela Bourke, Siobhán Kifeather et al. (Cork: Cork University Press, 2002), 1372–1384.

<sup>36</sup> Feic n. 40 thíos.

<sup>37</sup> Séamus Ó Caomhánaigh, “An Bhreasail,” *Lia Fáil* 3 (1930): 127–138; Séamus Ó Caomhánaigh, “Séipéilín Ghallarais,” *Lia Fáil* 4 (1932): 188–194.

<sup>38</sup> M.L. Sjoestedt, *Phonétique d’un Parler Irlandais de Kerry* (Paris: Librairie Ernest Leroux, 1931). Táim buíoch den Dr Roibeárd Ó hÚrdail as an eolas seo a fuair sé ón Ollamh Caomhánach féin. Tagraíonn Sjoestedt ina réamhrá ceart go leor don gcabhair a fuair sí óna dheartháir, Seán Ó Caomhánaigh, “*né à Dunquin*” (ix), i.e. Seán a’ Chóta (1885–1947).

<sup>39</sup> Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English dictionary* (Dublin: The Irish Texts Society, 1927), xxvii.



lámhscríbhinní seo i gcló chomh maith in *An Gaodhal*, san *Gaelic American* agus san *Irish Echo*, agus “An Síogaidhe Inghiúchtach” in ócáid mar ainm cleite aige.<sup>40</sup>

Is in Iarthar Duibhneach a chuir an béaloideasóir iomráiteach Jeremiah Curtin (1835–1906) agus a bhean Alma Cardell Curtin (1872–1938) tús leis an dara turas ar Éirinn acu idir 1891 agus 1893. Ina cuntas dialainne ar an turas go Corca Dhuibhne idir Eanáir agus Bealtaine na bliana 1891, tráchtann Alma ar conas mar a loirg sí féin agus a fear cabhair an Fheiritéaraigh agus iad ar thóir aithriseoirí tábhachtacha áitiúla sa cheantar agus luann sí, leis, go raibh sé siúd fostaithe mar aistritheoir acu.<sup>41</sup> Tugann an méid sin le fios, gan dabht, go raibh cáil mhaith ina shlí féin ar Phádraig Feiritéar mar bhailitheoir scéalta agus mar chainteoir cumasach Gaeilge agus Béarla araon. Chuir a thréimhse fostaíochta leis na Curtánaigh díolaíocht ina threo a mbeadh fáilte aige roimis — is cosúil gur dhá scilling in aghaidh an lae a thuill sé agus dhá oiread a bheadh le fáil mar dhíolaíocht ó Bhord na gCeantar Cúng ar lá oibre ag fir shláintiúla<sup>42</sup> — ach ní foláir nó cheap sé go dtabharfadh fostaíocht dá sórt deis dó saibhreas cultúrtha leithinis Chorca Dhuibhne a chur chun cinn. As an gceithre scéal is fiche in *Hero-Tales of Ireland* (1894) le Jeremiah Curtin, baineann ceithre cinn leis an dúthaigh seo a bhuí sin le dúthracht an Fheiritéaraigh.<sup>43</sup> Ní haon ionadh é, mar sin, gur ghaibh Curtin buíochas le fear Iarthar Duibhneach sa réamhrá mar ar chuir sé síos go moltach air mar “*a man of keen intelligence and an excellent Gaelic scholar.*”<sup>44</sup>

Baineann an chéad scéal in *Hero-Tales of Ireland* le bó ollmhór dhraíochta. “*Elin Gow, the Swordsmith from Erin, and the Cow Glas Gainach*” an teideal atá air seo agus tá sé ar cheann de na scéalta is cáiliúla a bhaineann le Corca Dhuibhne. Bailíodh seasca leagan ar a laghad, as Béarla agus as Gaeilge, i mórán contaetha in Éirinn,<sup>45</sup> ach tá an ceann ó Iarthar Duibhneach greannta go láidir i dtírdhreach na háite sin: creidtear gurb ionann an dá ghallán sa scéal a dtéadh an bhó dhraíochta tríothu chun í féin a scríobadh ar a dhá taobh tar éis a dóthain a bheith ite aici agus an dá ghallán atá fós ina seasamh i bhfo-bhaile Bhaile an Éanaigh. Cuireann dán Nuala Ní Dhomhnaill *An Rás* i gcuimhne dhúinn cad é ceangal speisialta atá fós idir an bhó áirithe seo agus an tírdhreach in Iarthar Duibhneach anuas go dtí an lá atá inniu ann:

Chím sa scáthán an ghrian ag buíú is ag deargadh  
taobh thiar díom ag íor na spéire.  
Tá sí ina meall mór craorac lasrach amháin  
croí an Ghlas G[h]aibhneach á chrú trí chriathar.  
Braonta fola ag sileadh ó stráinín  
mar a bheadh pictiúr den Chroí Ró-Naofa.  
Tá gile na [d]trí deirgeacht inti,  
is pian ghéar í, is giorrosnaíl.

<sup>40</sup> Mar shampla, (i) na dánta *A dheoraidhthe óm dhúthaigh* (*Gaelic American*, 4 Eanáir, 1913) agus *An chúilfheann dheas ó Éirinn* (*Gaelic American*, 18 Eanáir, 1913) ó bhéalaithris Mhichíl Uí Shéaghda. (Táim buíoch den Dr William Mahon as an eolas seo.) (ii) “Sgéalta ó Iarthar Éireann. Ag ‘An Síoguidhe Inghiúchtach’” (*An Gaodhal*, Meitheamh-Iúil, 1899). Is annamh ar fad, áfach, an t-ainm cleite seo a bheith in ócáid aige ina lámhscríbhinní: eisceacht is ea Feiritéar 8 mar a bhfuil sé breactha i dteannta an tsínithe ‘An S. I.’ (ar leathanach scaoilte marcáilte leis an uimhir 5).

<sup>41</sup> Angela Bourke, “The Myth Business: Jeremiah and Alma Curtin in Ireland, 1887–1893,” *Éire-Ireland* 44, uimhir 3–4 (2009): 140–170 (ag 159–160).

<sup>42</sup> Bourke, “The Myth Business,” 160.

<sup>43</sup> Bourke, “The Myth Business,” 160–161.

<sup>44</sup> Jeremiah Curtin, *Hero-Tales of Ireland* (London: Macmillan and Co., 1894), li.

<sup>45</sup> Feic <http://www.duchas.ie/en/tpc/5191979> mar a bhfuil taifead ar cheithre leagan is trí scór agus ar bailíodh an formhór (fiche ceann) i gContae Chiarraí.

*Sun's in the mirror, red and gold  
in the sky behind me,  
one huge crimson blazing globe —  
Glas Gaibhneach's heart milk through a sieve  
her drops of blood strained out  
like a picture of the Sacred Heart.  
Three scarlet brightnesses are there  
and pain so sharp, and sob so short.*<sup>46</sup>

Dála Phádraig Feiritéar roimpi, is i ngaeltacht Chorca Dhuibhne, leis, a chaith Ní Dhomhnaill blianta a saoil, tréimhse a mhúnlaigh mar dhuine í agus a chruthaigh meas doimhin, fadtéarmach inti ar shaibhreas an chultúir Ghaelaigh in Éirinn.

### I mBun Pinn

Thug an Feiritéarach leis ó Éirinn a raibh ina sheilbh cheana d'fhoinsí aige agus chuir sé leis an méid sin thall, ag leanúint air de a bheith ag breacadh lámhscríbhinní agus ag bailiú breis eile fós ó imircigh éagsúla a thug lámhscríbhinní leo go dtí an Domhan Nua. Cuimsíonn a bhfuil ina bhailiúchán a chuid oibre féin — aon fhoinsé amháin is fiche a chuir sé i gcrích in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe sna blianta 1889–1923 — agus ocht lámhscríbhinn déag le scríobhaithe eile a thug imircigh Éireannacha trasna an Atlantaigh leo nó a bhreac imircigh ó Éirinn ina mbaile nua thar lear. Chóipeáil sé téacsáí próis agus filíochta chomh maith ó fhoinsí a bhí i gcló cheana féin in irisí léannta i ngort an Léinn Cheiltigh, mar atá *Ériu*, *Gadelica*, *Reliquiae Celticae*, *Revue Celtique* agus *Zeitschrift für celtische Philologie*. Fairis sin, bhreac sé filíocht agus amhráin Ghaeilge ó fhoinsí clóite, ó *An Gaodhal* cuirim i gcás, agus ón *Irish American* agus an *Irish Echo* (nó an “Mac-Alla Éireannach” fé mar a thugadh sé siúd air).

Tagraíodh níos túisce anseo d'obair lae an Fheiritéaraigh mar fhear oibre nó mar fhear faire, rud a thugann le fios nach raibh aige ach tráthnóintí agus laethanta Domhnaigh chun díriú ar a chuid peannaireachta. Ar a shon san, bhí am aige chun dul ar thóir fhoinsí chun cóipeála in institiúidí poiblí. In Iúil na bliana 1905, mar shampla, bhí sé “i leabharlann Astoir i n-Ebhrach Nua”<sup>47</sup> mar ar dhein sé cóipeanna d'fhillíocht agus de phrós ó ré na Sean-Ghaeilge i saothair chlóite a bhí i seilbh na leabharlainne poiblí seo, ina measc *Rerum Hibernicarum Scriptores Veteres*, ceithre imleabhar le Charles O'Connor, a foilsíodh 1814–26. Tá an t-ábhar cóipeála seo i LS 18 i mbailiúchán an Fheiritéaraigh.

Tá a fhios againn chomh maith gur chóipeáil ár bPádraig ábhar ó lámhscríbhinní atá i seilbh cheann de na leabharlanna neamhspleácha is sine agus is gradamaí sna Stáit Aontaithe, an Boston Athenaeum, a bunaíodh sa bhliain 1807. I mbliain a 1847, fuair an Athenaeum trí lámhscríbhinn Ghaeilge, mar thabharthas ó Thomas Graves Cary, dlíodóir cáiliúil, fear gnó agus duine léannta i mBostún, a bhí ina Leas-

<sup>46</sup> Nuala Ní Dhomhnaill, *Féar Suaithinseach* (Maigh Nuad: An Sagart, 1984), 111–112; Nuala Ní Dhomhnaill agus Michael Hartnett, *Selected Poems: Rogha Dánta* (Dublin: Raven Arts Press, 1986), 76–77. Buntéacs agus aistriúchán foilsithe i dteannta a chéile in Nuala Ní Dhomhnaill, *Selected Poems: Rogha Dánta. Translated by Michael Hartnett* (Dublin: Raven Arts Press, 1988), 138–141. Gabhann aistriúchán eile leis an mbuntéacs Gaeilge le Derek Mahon in Nuala Ní Dhomhnaill, *Pharaoh's Daughter* (Loughcrew: The Gallery Press, 1990), 94–97. Feic, leis, Donna L. Potts, “‘When Ireland was still under a Spell’: the Poetry of Nuala Ní Dhomhnaill,” *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua* 7/3 (An Fómhar, 2003): 52–70 (ag 61).

<sup>47</sup> Feiritéar 18, lch [130].

Uachtarán ar an institiúid seo ó 1837 go 1845, agus ina Uachtarán ansan sna blianta 1846–59.<sup>48</sup> Ní léir conas mar a tháinig Cary orthu seo i gcéad uair — níl an chuma air gur thug sé turas ar Éirinn, cuirim i gcás — ach is é is dóichí ná go bhfuair sé in aon bheart airgid amháin iad ó imirceach ó Éirinn, duine den mórán a d’fhág Éire an Ghorta Mhóir ina ndiaidh agus, ó 1845 ar aghaidh, a bhain Sasana Nua amach. Ón uair go dtagraítear d’aon lámhscríbhinn amháin sa saothar foilsithe *Catalogue of the Library of the Boston Athenaeum 1807–71*, tá an chosúlacht air gur mar sin a fuair Pádraig Feiritéar amach mar gheall uirthi seo agus, ina dhiaidh sin ansan, mar gheall ar an dá lámhscríbhinn eile a bhí ar coimeád san Athenaeum.<sup>49</sup> Ar fhianaise dhuillíní foréilimh atá fanta in dhá cheann acu seo, scrúdaigh an Feiritéarach iad ar dhátaí éagsúla ó 1895 go dtí 1918, agus tá nóta óna láimh ar chúl aon cheann amháin acu seo á rá i dtaobh na lámhscríbhinne S 21: “*was written to the middle of page 16 by Cornelius Sheehan. At the middle of p. 16, on the 2<sup>nd</sup> of Sept. 1816 Michael Regan of Donoghmore, Co. Cork, commenced and wrote the rest of the MSS.*”<sup>50</sup> Corcaigh ó dhúchas ab ea Conchúr Ó Síocháin agus Mícheál Ó Riagáin atá luaite i staidéar ceannródaíoch an Ollaimh Breandán Ó Conchúir ar scríobhaidhe Chorcaí a bhí suas sa tréimhse 1700–1850.<sup>51</sup>

Foinsí tábhachtacha ar fhilíocht aiceanta an amhráin agus ar laoithe fianáíochta ón ochtú agus ón naoú céad déag is ea na trí lámhscríbhinní seo Bhostúin. Tá cóipeanna an Fheiritéaraigh tagtha anuas inniu in uimhreacha 2, 3, 9 and 13 ina bhailiúchán lámhscríbhinní. Díol spéise is ea an nóta “do bhíodh sé ag mo mháthair”<sup>52</sup> a chuir sé i ndeireadh cóipe d’aon dán amháin a bhreac sé síos. Tá nótaí eile dá sórt curtha in áiteanna eile lena chuid oibre aige mar a nascann sé dán nó amhrán áirithe le duine muinteartha dá chuid, nó le duine ina cheantar dúchais i gCorca Dhuibhne, a mbíodh comhpháirtí an dáin nó an amhráin á aithris acu, go fiú leagan a bheadh níos fearr ná an ceann a bhí breactha síos aige. Fé mar a dúradh níos túisce, áfach, is annamh a thugann an Feiritéarach aon eolas pearsanta ar a shaol nua i gcéin. Is mór idir é sa méid sin agus imircigh eile a tháinig ó Éirinn go Nua Eabhrac agus go háiteanna eile lasmuigh den chathair seo, leithéidí Neilí Uí Bheaglaoich (1908–91) ó Chorca Dhuibhne, cuirim i gcás, a d’oibrigh mar shearbhónta teaghlaigh ar feadh dhá bhliain sna Stáit Aontaithe, 1926–28, nó Tomás Ó Cinnéide (†1992), Duibhneach eile, a tháinig de bhord loinge i Nua Eabhrac sa bhliain 1952, nó fós, Micí Mac Gabhann (1865–1948) ó ghaeltacht Thír Chonail a chuaigh an cuan amach go dtí na Stáit Aontaithe sa bhliain 1885. Tá beochuntais le fáil ón triúr acu seo go léir ar an saol mar imirceach agus ar conas mar a chuaigh cathair chomh deoranta mar í i bhfeidhm orthu.<sup>53</sup> Chun a chearta a thabhairt don bhFeiritéarach, áfach, is mó a bhí sé siúd dírithe ar a shaothar scríbhthe, rud a chuireann Eibhlín Ní Ógáin ar na súilibh dúinn ina cuntas ar a shaol i Manhattan:

<sup>48</sup> Cornelius G. Buttimer, “A Catalogue of Irish Manuscripts in the Boston Athenaeum,” in *Folia Gadelica. Essays Presented to R.A. Breatnach*, eag. Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin agus Pádraig Ó Riain (Cork: Cork University Press, 1983), 105–123.

<sup>49</sup> Buttimer, “A Catalogue of Irish Manuscripts,” 106–107.

<sup>50</sup> Buttimer, “A Catalogue of Irish Manuscripts,” 109, 111, 115.

<sup>51</sup> Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaidhe Chorcaí 1700–1850* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1982), 174, 177.

<sup>52</sup> Feiritéar 13, lch 22.

<sup>53</sup> Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin, eag., *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2008), 122–124, 138–140.

*His room was typical of the man himself. It was piled high with books — books on the floor, on the shelves, on the table and on the bed. There was a mere passage from the door to the window, where he sat and did his writing. He lived for his books, and probably it was his confined mode of life, which induced a Tuberculosis of the lungs, from which he died in a Sanatorium in Chicago, on July 21<sup>st</sup>, 1924.<sup>54</sup>*

Ag filleadh arís anois dúinn ar na hinstiúidí poiblí ar thug Pádraig Feiritéar cuaird orthu, tá a fhios againn gur bhain sé amach an American Irish Historical Society a bhunaigh imircigh ó Éirinn sa bhliain 1897 agus a bhí lonnaithe i Nua Eabhrac chun poiblíocht a dhéanamh ar ar bhain na Gaeil amach sna Stáit Aontaithe.<sup>55</sup> I Lúnasa na bliana 1919 tháinig chuige “trí iarracht mo charad eadhón Chathail Uí Fhearghail ó Brooklín,”<sup>56</sup> lámhscríbhinn mheamraim a bhí i seilbh an Chumann ag an am — an t-aon lámhscríbhinn a bhí ag an gCumann, dála san — ina raibh cóip den tráchtas meánaoiseach *Chronicum Scotorum*.<sup>57</sup> Dob fhéidir gurb ionann “an cara” a chabhraigh leis an bhFeiritéarach teacht ar an lámhscríbhinn mheamraim agus Charles O’Farrell a raibh sé ag mairiúint ina thigh i Manhattan de réir dhaonáireamh Stát Nua Eabhrac na bliana 1905.<sup>58</sup> Dob fhéidir, leis, gurb ionann é agus Uachtarán bhraíne Nua Eabhrac de Chonradh na Gaeilge agus múinteoir Gaeilge i mbrainse Kevin Barry an Chonartha i mBrooklyn sna 1920aí groda.<sup>59</sup> Pé ar domhan de sin, tá a fhios againn ó nótaí a chuir ár bPádraig lena chóip den tráchtas staire atá in Feiritéar 39 (lgh 48–52 agus lgh 164–70), gur chaith sé ó Lúnasa 1919 go dtí Meán Fómhair 1922 á cur le chéile. Téacs luachmhar is ea a bhfuil aige i LS 39 ón uair go bhfuil a eiseamláir mheamraim a bhí tráth i seilbh an American Irish Historical Society imithe ó thuairisc ó shin.<sup>60</sup>

De réir cholafan an eiseamláire seo, a chóipeáil an Feiritéarach fé dhó (Feiritéar 39, lgh 48, 170), chur an scríobhaí, Micheál mac Peadair Uí Longáin (†1770), clabhsúr ar chóip den *Chronicum Scotorum* sa bhliain 1611 ó lámhscríbhinn a fuair sé óna chara, Tomás, mac Ridire an Ghleanna, i gContae Luimnigh — dearmad nó athrú ar dháta 1711. Go dtí le déanaí ghlac scoláirí (údar na haiste seo san áireamh) gur dháta dílis a bhí ansúd, ach ceaptar anois gur cóip ón naoú céad déag atá anseo ó láimh gharmhac Uí Longáin, Peadar (1801–c.1860).<sup>61</sup> Fianaise luachmhar atá anseo againn, mar sin, d’ársaíocht fhalsaithe a thugann féin léas léargais dúinn ar shaothrú lámhscríbhinní in Éirinn san am úd: ní fhéadfadh pátrúntacht na gcumann ársaíochta agus na n-institiúidí léinn ar nós Acadamh Ríoga na hÉireann, mar shampla, ach

<sup>54</sup> Ní Ógáin, “The Ferriter Manuscripts,” vii–viii.

<sup>55</sup> Edmund S. Leamy, *The Story of the American Irish Historical Society* (New York: American Irish Historical Society, 1951).

<sup>56</sup> Feiritéar 39, lch 48.

<sup>57</sup> Tá an chóip is luatha den saothar seo le fáil inniu i LS 1292 (H.1.18) i leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a ghráf An Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh (†1671) sa tseachtú haois déag.

<sup>58</sup> Feic n. 24 thuas.

<sup>59</sup> Liostaí in *An Smaointeoir* 3, uimhir 4 (Lúnasa, 1922), *An Smaointeoir* 4, uimhir 3 (Bealtaine, 1923) agus *An Smaointeoir* 4, uimhir 4 (Lúnasa, 1923).

<sup>60</sup> Níl ach cóip mhicreascannáin ar fáil inniu a dhein Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sa bhliain 1967 (cóip dheimhneach 6566); cf. Pádraig de Brún, *Lámhscríbhinní Gaeilge: Treoirliosta* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1988), 82 n. 153.

<sup>61</sup> Pádraig Ó Macháin, “Léirmheas [ar Ní Úrdail, *The Scribe in Eighteenth and Nineteenth-Century Ireland*],” *Éigse* 33 (2002): 233–237 (ag 234–235); Pádraig de Brún, “The Glin Family and Irish Poetry,” in *The Knights of Glin: Seven Centuries of Change*, ead. Tom Donovan (Glin: Glin Historical Society, 2009), 279–280; Nollaig Ó Muraile, *The Celebrated Antiquary, Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (c.1600–1671): his Lineage, Life and Learning* (Maynooth: An Sagart, 1996), 309.

friotháilt ar an mbeagán as mórán scríobhaithe a bhí fós ag cur leabhair eisceachtúla próis agus filíochta as Gaeilge ar fáil sa naoú céad déag. Bhí an comórtas dian, dá réir, agus scríobhaithe ag iarraidh aird léitheoirí ársaíochta a dhíriú ar a gcuid oibre.

An ceathrú leabharlann a raibh taithí ag Feiritéar uirthi is ea ceann a dtugann sé féin an “*Catholic Club*” uirthi, i.e. Catholic Club of the City of New York, a raibh an t-ainm sin bronnta air ó 1 Eanáir, 1888, agus a bhí suite ar 120 West 59<sup>th</sup> Street (122 Central Park South sa lá atá inniu ann). Is é príomhaidhm an Chlub anuas go dtí an bhliain 1964 nuair a dúnadh síos go hoifigiúil é ná suim a chothú agus a chaomhnú i stair agus i litríocht Chaitliceach.<sup>62</sup> Aistríodh an bailiúchán leabhar agus lámhscríbhinní amach as ina dhiaidh sin go dtí trí institiúid ardoideachais i Nua Eabhrac: Coláiste Manhattan, Cliarscoil Naomh Sheosaimh, Dunwoodie, agus Ollscoil Fordham. Chuaigh Pádraig Feiritéar ar cuaird go dtí leabharlann an Chlub sa bhliain 1915 nuair a dhein sé cóip den saothar cráifeach *An Bheatha Dhiaga* ó lámhscríbhinn, a deir sé, a chuir Connacht Mac Aodha le chéile sa bhliain 1736, agus a bhí féin ag tarrac go díreach ar lámhscríbhinn a ghráf Einrígh Mac Árdghail sa Róimh, 1694. Tá an t-eolas seo le fáil in Feiritéar 14 mar a bhfuil an tarna cóip ag ár bPádraig de *An Bheatha Dhiaga* (lgh 1–[196]), a chóipeáil sé “i n-úimhir 655 de Threas-Fhoirbhealach i n-Eabhrach Nua”, 1917–19, ó chóip eile dá chuid dar dáta 1915.<sup>63</sup> Ón uair nach bhfuil fáil inniu ar cheachtar den dá lámhscríbhinn Mhic Ardghail ná Mhic Aodha, ná cóip na bliana 1915 leis an bhFeiritéarach féin ach chomh beag, téacs luachmhar is ea a bhfuil in Feiritéar 14 mar a bhfuil an t-aon chóip iomlán de *An Bheatha Dhiaga* atá ar marthain inniu.<sup>64</sup>

### Roinnt Lámhscríbhinní i Seilbh an Fheiritéaraigh

As an ocht lámhscríbhinn déag i mbailiúchán an Fheiritéaraigh nach ó láimh an fhir féin iad, tá LS 21 ar an bhfoinse is luaithe acu seo. Díolaim próis agus filíochta is ábhar di ar chuir Éamonn de Búrc a formhór le chéile, 1802–3, ach go bhfuil beagán inti le Tomás Ó Tuama, 1802, agus le Séamas Mac Suibhne “a cCorcaigh” i mbliain a 1817.<sup>65</sup> I Meitheamh na bliana 1913, d’éirigh leis an bhFeiritéarach í seo a cheannach mar aon le ceithre cinn eile, fé mar a mhíníonn sé sa nóta spéisiúil seo a leanas:

Do cheannagheas, Dia Máirt an seachtmhadh lá déag de Mheithiombh ann san m-bliadhain míle noí g-céad agus trí bliadhna déag, ó Anna (ní Shúilleabháin) du Norraidh .i. bean an Chaptaein Thomáis mhic Dháibhidh du Norraidh, i n-úimhir 2038 Pacific St., Brooklyn, New York, an leabhar so, mar aen le leabhar Eoin Uí Dhreada do’n Athair Domhnall Ó Súilliobháin i 1832, leabhar Sheághain Uí Chaoimh do féin 1844–5–6, agus leabhar Éamoinn du Búrc, Thomais Uí Thuama, agus Shéamais Mhaic Shuibhne 1802-17 ar chaegaid n-dollar, agus leabhar Pheadair Uí Ghealacáin (nó John T. Rowlandson) ar thriochaid n-dollar, is é sin ochtmogha dollar (\$80.00) ar fad. Pádraig Ferritéar 201 E 42 St. New York.<sup>66</sup>

<sup>62</sup> Patrick J. Hayes, “Catholic Action in the Archdiocese of New York,” in *Empowering the People of God: Catholic Action before and after Vatican II*, ead. Jeremy Bonner, Christopher D. Denny agus Mary Beth Fraser Connolly (New York: Fordham University Press, 2014), 21–45.

<sup>63</sup> Feiritéar 14, lch 173.

<sup>64</sup> Anselm Ó Fachtna, “‘An Bheatha Chrábhaigh’ agus ‘An Bheatha Dhiaga,’” *Éigse* 10 (1961–63): 89–95 (ag 93–94); cf. Anselm Ó Fachtna, *An Bheatha Dhiadha nó an tSlighe Ríoghdha* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1967) a dtagann línte 4136–8101 anseo ó chóip an Fheiritéaraigh.

<sup>65</sup> Feiritéar 21, lch 200.

<sup>66</sup> Feiritéar 24, lch 362; cf. Ó Buachalla, “Lámhscríbhinn a d’Fhill,” 7.

Is mór an méid ochtó dollar do dhuine a d'oibrigh de ló mar fhear faire nó mar ghnáthoibrí — is ionann é agus timpeall le \$2,000 in airgead an lae inniu — ach tugann sé fós féin tuairim den bpraghas a bhí ar lámhscríbhinní dá leithéid ag an am agus is léir go raibh go leor airgid curtha i leataoibh ag an bhFeiritéarach chun a bheith ábalta ar iad a cheannach. B'ó Chill Airne ó dhúchas don Tomás Dáibhí de Norradh (1827–1900) thuasluaite, a ceapadh ina chaptaen san 170<sup>th</sup> New York Infantry sa bhliain 1863 de bharr a chrógachta i rith Chogadh Cathartha Mheiriceá. D'oibrigh sé ina dhiaidh sin mar Chigire Ioncam Intíre fé Roinn Trádstórais fé chúram Bhanna na Stát Aontaithe. I gCeantar an Oirthir, Brooklyn, a bhí sé lonnaithe agus bhíodh píosaí go rialta aige i gcolúin Ghaeilge an *Irish American* agus *An Gaodhal*. Bhí sé ar dhuine de phríomhphearsana bhrainse Nua Eabhrac den Ossianic Society sna 1850aí agus bhí páirt láir aige i mbunú an Philo-Celtic Society i Nua Eabhrac i mBealtaine na bliana 1878.<sup>67</sup>

Ag leanúint ord na lámhscríbhinní fé mar atáid thuas ag ár bPádraig, is ionann “an leabhar so” agus Feiritéar 24 inniu, mar a bhfuil cóip de *Agallamh na bhFíoraon*, de sheanmóintí agus d'fhlíocht a chuir Mícheál Ó Corcoráin (*fl.* 1830–36) ó Ghort an Ghabhláin ar chiosa chathair Chorcaí le chéile, 1830.<sup>68</sup> Is é “leabhar Eoin Uí Dhreada” Feiritéar 29 inniu, díolaim próis agus filíochta le hEoin/Seán Ó Dreada (*c.* 1771–1840) ó Chorcaigh, 1832, a breacadh don Athair Domhnall Ó Súilleabháin.<sup>69</sup> Filíocht aiceanta ó Chúige Mumhan agus scéalta próis is ábhar don treas foinse, Feiritéar 23, ó láimh Sheáin Uí Chaoimh (*fl.* 1843–46), ó Chorcaigh leis, 1844–46.<sup>70</sup> Is é Feiritéar 21 a luadh thuas arbh é Éamonn de Búrc a príomhscríobhaí an ceathrú foinse, agus is mar a chéile “leabhar Pheadair Uí Ghealacáin (nó John T. Rowlandson)” agus uimhir 20 i mbailiúchán an Fheiritéaraigh, i.e. filíocht ó Chúige Uladh agus laoithe fiannaíochta a chuir Ó Gealacáin (1792–1860) i dtoll a chéile i gContae na Mí, 1850–51. Dob é John T. Rowland (*pace* Feiritéar), dlíodóir i nDroichead Átha, pátrún an tsaothair seo ar fad agus thug sé leis é, ní foláir, nuair a theith sé go dtí na Stáit Aontaithe toisc baint a bheith aige le hÉire Óg.<sup>71</sup>

Ar na lámhscríbhinní eile nach ó láimh an fhir féin iad, is í Feiritéar 34 an fhoinse is déanaí acu seo. Téacs neamhiomlán de *Eachtra an Mhadra Mhaoil* a hábhar, agus is é madra é fear a d'iompaigh ina chú laochúil a ndeineann cara den ridire Artúraíochta Gawain de agus a chabharáionn ansan leis fórsaí osnádúrtha an namhad a cheannús.<sup>72</sup> Dob é Tomás Ó Gríobhtha/Thomas Griffin (1829–96), ó Corca Dhuibhne ó dhúchas, an scríobhaí agus de réir a pháipéirí eadóirseachta tháinig sé de bhord bhruig na Banríona an *Pero* ar 9 Bealtaine, 1850.<sup>73</sup> Shocraigh sé síos i gcathair Labhráis, Massachusetts, mar ar dhein duine de mhórdhíograiseoirí ar son na Gaeilge sa chathair sin de. Bhí an-éileamh ag scríobhaithe sa Mhumhain go háirithe ar *Eachtra an Mhadra Mhaoil* agus chóipeáil Ó Gríobhtha a théacs súd ó lámhscríbhinn

<sup>67</sup> “Our Gaelic World,” *Irish World* (20 Eanáir, 1900); “Obituary,” *Irish World* (27 Eanáir, 1900); “Death of Capt. Thomas D. Norris,” *An Claidheamh Solais* (10 Feabhra, 1900). Feic, leis, Uí Fhlannagáin, *Mícheál Ó Lócháin agus An Gaodhal*, 50–51.

<sup>68</sup> Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 55–56.

<sup>69</sup> Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 61–63.

<sup>70</sup> Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí*, 38.

<sup>71</sup> Ó Buachalla, “Lámhscríbhinn a d’Fhill,” 6–7; Ciarán Dawson, *Peadar Ó Gealacáin: Scríobhaí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1992), 85–92.

<sup>72</sup> Joseph Falaky Nagy, *A New Introduction to Two Arthurian Romances. Irish Texts Society Subsidiary Series 7* (London: The Irish Texts Society, 1998), 6–8.

<sup>73</sup> William Mahon, *Thomas Griffin (1829–96) of Corca Dhuibhne and the Irish Community of Lawrence, Massachusetts* (Aberystwyth: Department of Welsh, Aberystwyth University, 2007).

le duine acu seo, Aodh Ó Crónaoin (*fl.* 1830–40) ón nGallbhaile, Contae Luimnigh.<sup>74</sup> Ní heol conas ná cathain a tháinig an Feiritéarach ar chóip Uí Ghríobhtha de shaothar Uí Chrónaoin, ach is é is dóichí gurbh é Ó Ghríobhtha féin, nó gaol dá chuid, a thug uaidh í. Cé nach bhfuil aon fhianaise sa treo san againn, b’fhuirist a shamhlú go raghadh ár bPádraig i mbun bailithe agus cóipeála i gcathair Labhráis mar gurbh ó Chorca Dhuibhne agus ó Uíbh Ráthach d’fhorhmór na n-imirceach a shocraigh ansúd.<sup>75</sup>

Díograiseoir eile ar son na Gaeilge i Nua Eabhrac ab ea Dáibhí/Dáithí Ó Caoimh (a rugadh in 1825/6) agus tá rian a chuid oibre le fáil i mbailiúchán lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh. Is cosúil gur Chorcaíoch ó dhúchas a bhí ann agus ar chuma an Chaptaein Tomás de Norradh thuas, bhí baint aige le gluaiseacht na Gaeilge chomh fada siar leis na 1850aí nuair a bhí sé ar dhuine de phríomhphearsana bhraínse Nua Eabhrac den Ossianic Society. Bhí ról láir ina dhiaidh sin aige (i dteannta de Norradh) i mbunú an Philo-Celtic Society i Nua Eabhrac sna 1870aí déanacha. Bhí Ó Caoimh pósta agus socraithe síos i Nua Eabhrac fén mbliain 1855 agus bhí sé fós beo in 1892 nuair a tagraítear dó i ndaonáireamh na cathrach i gcomhair na bliana san.<sup>76</sup> Tugann leitreacha a d’fhoilsigh sé san *Irish American*, 1878–80, le fios gur mhúinteoir tábhachtach Gaeilge é don Philo-Celtic Society i Nua Eabhrac agus lean sé air de a bheith ag foilsiú go rialta ar chúrsaí teangan sa nuachtán san ó 1880 ar aghaidh.<sup>77</sup> Scríobhaí agus bailitheoir lámhscríbhinní d’aon turas ab ea é, leis. Filíocht ón ochtú céad déag, *Cúirt an Mheán Oíche* le Brian Merriman ina measc, is ábhar d’aon lámhscríbhinn amháin a bhreac sé, 1858–62, mar shampla, agus sid í LS 33 i mbailiúchán an Fheiritéaraigh inniu. Sa bhliain 1912, chóipeáil ár bPádraig *Eachtra Thomáis mhic Lóbais* ó lámhscríbhinn eile dar “Críoch 1880 ag Dáithí Ó Caoimh”<sup>78</sup> agus um an dtaca san leis, ní foláir, bhain sé cuid thosaigh na heachtra seo “as leabhar D[h]aithi Uí Chaoimh” atá anois in Feiritéar 11 (lgh 271–72).

Díol ar leith suime is ea ar tharla do LS 30 sarar bhain sí bailiúchán an Fheiritéaraigh amach. Joseph Read ó Thearmann Bearaidh i mbarúntacht Bhaile an Tobair Thuaidh, Contae Ros Comáin, a chóipeáil í seo, 1815, ó “*an Anticient [sic] Christian Doctrine*,” agus thug an scríobhaí an lámhscríbhinn leis nuair a chuaigh sé ar imirce go dtí New Brunswick i gCeanada mar ar shocraigh sé síos i Miramichi “*on Sunday June 21<sup>st</sup> [bliain doléite]*.”<sup>79</sup> Inseann nóta ar bhileog atá greamaithe laistigh de

<sup>74</sup> Is ionann an fhoinsé seo inniu agus Villanova 7 (1830–40). Aon lámhscríbhinn Gaeilge amháin is ea í as trí cinn déag ar fad atá ar coimeád i Leabharlann Chuimhneacháin Falvey, Ollscoil Villanova, Pennsylvania; feic William Mahon, *Catalogue of Irish Manuscripts in Villanova University Pennsylvania* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 2007).

<sup>75</sup> Mahon, *Thomas Griffin (1829–96) of Corca Dhuibhne*, 62 n. 18.

<sup>76</sup> Tá taifead ar Ó Caoimh, “*carman*” (naoi mbliana fichead agus a rugadh in Éirinn), i nDaonáireamh Stát Nua Eabhrac na bliana 1855, ar a bhean, Ellen (sé bliana fichead agus a rugadh in Éirinn) agus ar a mac John (dhá bhliain d’aois agus a rugadh i Nua Eabhrac). Cailleadh Ellen uair éigin roimh Dhaonáireamh Stát Nua Eabhrac 1875 nuair a bhí Ó Caoimh, “*Boxmaker*” (naoi mbliana is daichead), ag mairiúint i mBrooklyn lena mhac John, “*Book Binder*” (trí bliana fichead), agus le ceathrar eile muirir, i.e. Ellen (fiche bliain d’aois), Anna (ceithre bliana déag), Daniel (dhá bhliain déag) agus Edward (deich mbliana). De réir Dhaonáireamh Feidearálach na Stát Aontaithe don mbliain 1880, bhí Ó Caoimh (cúig bliana is leathchéad) lonnaithe i mBrooklyn agus “*secondhand boxes*” mar ghairm bheatha aige, agus “*box factory*” agus “*secondhand boxes*” ag a leanaí Annie agus Dan, fá seach. Táim buíoch den Dr William Mahon as na tagairtí seo a chur ar na súilbh dom.

<sup>77</sup> Nilsen, “Mícheál Ó Broin agus lámhscríbhinní Gaeilge Ollscoil Wisconsin,” 116–117; Nilsen, “The Irish Language in New York, 1850–1900,” 264–265, 269–270; Nilsen, “Irish in Nineteenth Century New York,” 61.

<sup>78</sup> Feiritéar 17, lch 7.

<sup>79</sup> Feiritéar 30, nótaí ar bhileog cheangail thosaigh agus chúil, fá seach.

chlúdach tosaigh na lámhscríbhinne gur thabharthas ab ea í ina dhiaidh sin “*from the hands of His Grace Archbishop Connolly, in the south library of St Mary’s glebe house, Halifax N.S. in the year 1870, to William D. O’Brien.*” Uair éigin tar éis do Read socrú síos i gCeanada, mar sin, bhain a lámhscríbhinn an Dr Thomas Connolly (1814–76) amach, sagart Caipsisíneach agus Corcaíoch ó dhúchas, a tháinig go dtí Nova Scotia i mbliain a 1842 agus a ceapadh mar Ard-Easpag ar Halifax sa bhliain 1858.<sup>80</sup> Uaidh siúd a fuair “*William D. O’Brien*” mar thabharthas ansan í agus is é is dóichí ná gurb ionann an Brianach seo agus William Desmond O’Brien a bhunaigh an *Halifax City Railroad Company* (1866), comhlacht iompair le trucaílí agus bóthar iarainn i gcathair Halifax a raibh sé ina bhun go dtí gur dhún sé a ghnó síos deich mbliana ina dhiaidh sin.<sup>81</sup> Ar shlí amháin nó ar shlí eile, bhain LS 30 cathair Nua Eabhrac agus Pádraig Feiritéar amach. Ní heol conas mar a fuair sé í, munarbh ó bhean an Bhrianaigh, Mary Cecilia V. O’Brien (*née* Whelan) é, mar shampla, a phós a fear i séipéal Naomh Pádraig, Brooklyn, sa bhliain 1852 agus a bhí ina cónaí mar bhaintreach i mBrooklyn sa bhliain 1898.<sup>82</sup> Ag fágaint turas suaithinseach na lámhscríbhinne as an áireamh — ó Chontae Ros Comáin ar aghaidh go dtí dhá chúige i gCeanada, agus as san go Nua Eabhrac ónar chas sí ansan thar n-ais ar Éirinn — cás ar leith is ea Feiritéar 30 a chuireann lenár n-eolas ar shaothrú lámhscríbhinní i gcontae nach bhfuil an oiread san ar fad foinsí, ón tréimhse dhéanach ar a laghad, tagtha chun solais go dtí seo as.<sup>83</sup>

Is é an dála céanna é ag Feiritéar 27, ár solaoid dhéanach anseo ón mbailiúchán. Saothar beirte ó Iarthar Duibhneach is ea í seo, le Tomás Mac Muirheartaigh agus le Tomás Mac Gearailt, “*Blackfields,*” araon, agus “*February th[e] 2 the year of our Lord 1849*” mar dháta curtha ag Mac Gearailt lena chuidse oibre sarar thug sé aghaidh ar na Stáit Aontaithe.<sup>84</sup> Dánta le beirt fhilí iomráiteacha de chuid an ochtú céad déag, Piaras Mac Gearailt (1709–c.1791) agus Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin (1748–84) atá sa lámhscríbhinn seo, ach gur ábhar cráifeach atá ina formhór, ina measc blúire de dhán fada teagascach ar ghiorra an tsaoil dar tús *A dhuine, cuimhnigh ar do chríochaibh déidheancha.*<sup>85</sup> Ar chuma sheachadadh lámhscríbhinní sa tréimhse dhéanach i gContae Ros Comáin, tá iniúchadh scolártha fós le déanamh ar sholáthar na scríobhaithe ó Chorca Dhuibhne (Feiritéar féin as an áireamh, gan dabht). Tá eolas

<sup>80</sup> David B. Flemming, “Connolly, Thomas Louis,” in *Dictionary of Canadian Biography: Volume X 1871–1880*, eag. Marc La Terre (Toronto: University of Toronto, 1972), 191–193.

<sup>81</sup> Feic [https://www.exporail.org/can\\_rail/Canadian%20Rail\\_CRHA\\_Bulletin\\_no17\\_April\\_1954.pdf](https://www.exporail.org/can_rail/Canadian%20Rail_CRHA_Bulletin_no17_April_1954.pdf) (ceadaithe 12 Eanáir, 2017), tagairt a fuair a bhí leis an Ollamh Pádraig Ó Siadhail; cf. Elsie Churchill Tolson, *The Captain, the Colonel and Me. (Bedford, N.S., Since 1503)* (New Brunswick: Tribune Press, 1979), 155–156.

<sup>82</sup> Feic <http://www.ancestry.ca> (ceadaithe 23 Eanáir, 2017); cf. Kenneth Nilsen, “An Ghaeilge in Oirthear Cheanada, 1750–1900,” in *Séimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*, eag. Seán Ó Coileáin, Liam P. Ó Murchú agus Pádraigín Riggs (An Daingean: An Sagart, 2013), 262–279 (ag 273).

<sup>83</sup> Sampla eisceachtúil eile ón gcontae céanna is ea an bailiúchán laoiithe fianáiochta i lámhscríbhinn (atá cailte ó shin ach a bhfuil cóip mhicreascannáin di ar fáil) le *Uilliam O Neachtain/William Naghten* “*the little berries [Bearaidh Bheag] in ye County of Roscommon. Barrony of Athlone and parish of Killtoom in ye year 1720*” (fóilió 65 *recto*); feic Meidhbhín Ní Úrdail, “Ón gCnocán Aoibhinn go dtí Londain Shasana: Tomás ‘an tSneachta’ Ó Conchubhair (1798–c.1870),” *Celtica* 28 (2016): 89–122 (ag 117–118).

<sup>84</sup> “*Thomas FitzGerald Blackfields is my name Gurtadoes is my dwell[ing] place Ireland is my station and in America I ll soon be translated by the orders of Thomas Morriarty Balleyoughtra February th[e] 2 the year of our Lord 1849 Anno Domino [sic]*” (Feiritéar 27, lch 18).

<sup>85</sup> Meidhbhín Ní Úrdail, “Dán Teagascach dar tús *A dhuine, cuimhnigh ar do chríochaibh déidheancha,*” in *Saoi na Féile*, eag. Stephen Newman, Breandán Ó Cróinín agus Liam Ó Paircín (Dublin: Coiscéim, 2018), 69–118.



suimiúil sa treo san le fáil i LS 27 i mbailiúchán an Fheiritéaraigh, chomh maith le i LS 32 agus i LS 36 ó lámh Thomáis Mhic Mhuircheartaigh chomh maith, 1856–57, tar éis dó a cheann scríbe sa Domhan Nua a bhaint amach, is cosúil.

### **Focal Scoir**

Fianaise luachmhar atá sa naoi lámhscríbhinn is tríocha i mbailiúchán an Fheiritéaraigh ar an bpáirt thábhachtach a bhí ag a n-únaeir bunaidh i gcur chun cinn na Gaeilge sa bhaile is i gcéin. Tá scéal éagsúil, ilghnéitheach le hinsint ag an mbailiúchán seo ina iomláine: pé acu san a raibh ar fáil don bhFeiritéarach agus do scríobhaithe eile chun cóipeála thall agus abhus; nó an meascra chun léitheoireachta sna leabhair a thug imircigh (ár bPádraig san áireamh) an cuan amach leo; nó a dtaispeáineann sé de thrasnaíol idir mheáin na scripte agus an chló; nó fós a bhfuil d’fhianaise ann ar shuim leanúnach na n-imirceach ó Éirinn ina dteanga dhúchais tar éis dóibh an Domhan Nua a bhaint amach. Nuair a chuimhnimid air go raibh saothrú lámhscríbhinní Gaeilge ag teacht chun deiridh sa naoú céad déag, cnuasach suaithinseach ann féin is ea an ceann seo Phádraig Feiritéar toisc gur teaglamaíodh cuid de na lámhscríbhinní ann i mblianta tosaigh an na haoise dar gcionn. Agus, cé go bhfuil idir chás an leabhair ar deoraíocht agus an leabhair a scríobhadh thar lear le fáil in éineacht ann, cnuasach is ea é a tháinig slán ón imirce agus a chas thar n-ais ar Éirinn, rud a thárla, fé mar a luadh níos túsce anseo, i bhFómhar na bliana 1924.